IONSTRAIMÍ REACHTÚLA.

I.R. Uimh. 189 de 2013

NA RIALACHÁIN FÁN ACHT UM SHEIRBHÍSÍ UISCE, 2007 (ATH-INIÚCHADH), 2013

[*An tiontú oifigiúil*]

I.R. Uimh. 189 de 2013

NA RIALACHÁIN FÁN ACHT UM SHEIRBHÍSÍ UISCE, 2007 (ATH-INIÚCHADH), 2013

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le hAilt 18 agus 70L(1) (arna chur isteach le hAlt 4 den Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2012 (Uimh. 2 de 2012)) den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2007 (Uimh. 30 de 2007), déanaimse, PILIB Ó hÓGÁIN, Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, leis seo, na Rialacháin seo a leanas:

Lua

1. Féadfar na Rialacháin fán Acht um Sheirbhísí Uisce, 2007 (Ath-iniúchadh), 2013 a ghairm de na Rialacháin seo.

Iarratas ar ath-iniúchadh

2. Maidir le hiarratas chun críche Alt 70H(7)(*a*) den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2007—

(a) is san fhoirm a fhorordaítear sa Sceideal a ghabhann leis na Rialacháin seo a bheidh sé, agus beidh ann na sonraí a shonraítear san fhoirm sin, agus

(b) beidh táille €20 ag gabháil leis.

Foilsíodh fógra san "Iris Oifigiúil" an 14 *Meitheamh,* 2013 *á rá go ndearnadh an Ionstraim Reachtúil seo.*

AN SCEIDEAL

AN tACHT UM SHEIRBHÍSÍ UISCE, 2007

IARRATAS AR ATH-INIÚCHADH FAOI ALT 70H(7)(*a*) DEN ACHT UM SHEIRBHÍSÍ UISCE, 2007 ARNA CHUR ISTEACH LE hALT 4 DEN ACHT UM SHEIRBHÍSÍ UISCE (LEASÚ), 2012

Chuig Údarás Seirbhísí Uisce _____

Tagairt Fógra Chomhairligh_____

Seoladh ag a bhfuil an Córas Cóireála Dramhuisce Tí suite

Iarraim leis seo go ndéanfaidh oifigeach údaraithe de chuid an údaráis seirbhísí uisce ath-iniúchadh ar an gcóras cóireála dramhuisce tí ag an seoladh thuas. Cuirim leis seo an táille fhorordaithe €20.

Arna shíniú: _____

Ainm i mBloclitreacha: _____

Seoladh (murab ionann agus an seoladh thuas): _____

Uimhir Ghutháin: _____

Dáta: _____

Nóta: Ní foláir iarratas ar ath-iniúchadh a dhéanamh laistigh de 21 lá ó dháta fógra chomhairligh.

L.S.

ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil,
28 Bealtaine 2013.

PILIB Ó hÓGÁIN
Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

NÓTA MÍNIÚCHÁIN

(Ní cuid den Ionstraim an nóta seo ná ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil uirthi é.)

Is é is cuspóir do dhéanamh na rialachán seo chun (*a*) an fhoirm a bheidh le húsáid agus (*b*) an táille is iníoctha a fhorordú, i gcás go ndéanfaidh duine, arb éagóir leis nó léi fógra comhairleach arna eisiúint faoi Chuid 4A den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2007, ath-iniúchadh a iarraidh.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

———————

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

———————

€2.54

Wt. (B29860). 285. 6/13. Clondalkin. Gr 30-15.